C/2025/2130

8.4.2025

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(4) an chéad fhomhír i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/2130)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda / Manzanilla'

PDO-ES-A1482-AM05

Dáta an iarratais: 28.11.2023

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Consejo Regulador de las Denominaciones de Origen Protegidas 'Jerez-Xérès-Sherry', 'Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda' y 'Vinagre de Jerez' [An Bord Rialála um na hAinmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint 'Jerez-Xérès-Sherry', 'Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda' agus 'Vinagre de Jerez']

Is é an Bord Rialála an comhlacht bainistíochta le haghaidh na nAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint 'Jerez-Xérès-Sherry', 'Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda' agus 'Vinagre de Jerez' i gcomhréir le hOrdú an 12 Feabhra 2018 ón Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Iascaigh agus Forbartha Tuaithe. Faoi Airteagal 21(2)(a) de Dhlí 10/2007 an 26 Samhain 2007 maidir le tionscnamh agus cáilíocht an fhíona san Andalúis a chosaint, tá sé freagrach as leasuithe ar na sonraíochtaí táirge a mholadh.

2. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear**

☒ Ainm an táirge

☒ Catagóir an táirge fíniúna

☒ Nasc

☐ Srianta margaíochta

3. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis**

3.1. *Ainmneacha nua faoi chosaint a chuimsiú*

Rinneadh Roinn A (Ainm faoi chosaint) den tsonraíocht táirge, pointe 1 (Ainm faoi chosaint) de Roinn A (Sonraí éigeantacha) d'Iarscríbhinn 3 (Lipéadú fíonta atá faoi chosaint ag an ainmniúchán 'Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda') a ghabhann leis an tsonraíocht táirge agus Roinn 1 (Ainm (nó ainmneacha) den doiciméad aonair a leasú chun na hainmneacha 'Manzanilla de Sanlúcar de Barrameda' agus 'Manzanilla de Sanlúcar' a chuimsiú mar ainmneacha faoi chosaint.

Chun aitheantas níos soiléire a sholáthar do thionscnamh an fhíona agus chun na roghanna maidir le tagairt a dhéanamh don ainmniúchán tionscnaimh a leathnú chun na tagairtí sin a úsáidtear go coitianta sa ghnáthchaint a chumhdach, ar tagairtí iad ar fad a nascann an t-ainm 'Manzanilla' leis an tionscnamh geografach.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

3.2. *Catagóir nua táirgí a chuimsiú*

Leasaíodh Roinn B (Tuairisc ar an bhfíon) den tsonraíocht táirge agus Ranna 3 (Catagóirí táirgí fíniúna) agus 4 (Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)) den doiciméad aonair chun an chatagóir táirgí fíniúna, 'Fíon', a chuimsiú in éineacht leis an gcatagóir atá ann cheana, is é sin, 'Fíon licéir'.

Leasaíodh Roinn B.1 (Cineálacha fíona) den tsonraíocht táirge chun catagóir 1, 'Fíon', a chuimsiú, ar catagóir í atá mar a leanas:

'I. Fíon. Iad siúd a chuimsítear i bpointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 nó aon dlí a chuirtear ina ionad.'

Is teicníc fhíoneolaíoch é an treisiú (alcól a chur isteach) trína stiúrann táirgeoirí aosú na bhfíonta i dtreo céim ar a dtugtar aosú bitheolaíoch (ag 15 % de réir toirte nó beagáinín os a chionn, chun an 'flór' a choinneáil ar bun).

I gcás aosú bitheolaíoch, tá údar leis an íosleibhéal 15 % de réir toirte freisin mar gheall ar an ngá atá ann a áirithiú go gcosnaítear na fíonta ar éilliú baictéarach, rud atá ina fhíor-riosca i bhfianaise ghnáthdhálaí miocraeráide an limistéir agus toisc nach mór ocsaigin a bheith sna bairillí, ós rud é go bhfuil giostaí an 'fhlóir' aeróbach.

Na dálaí ar tháinig ann dóibh i ngeall ar an athrú aeráide, fágann siad gur minic, faoi láthair, a shroicheann fíonta neart nádúrtha atá gar do 15 %, nó níos mó fiú, tar éis an choipthe. Ciallaíonn sé sin, mar aon le húsáid an chleachtais thraidisiúnta 'asoleo' (na triopaill fíonchaor a thriomú faoin ngrian tar éis buana) gur féidir leis na húrfhíonta an neart íosta is gá a bhaint amach le haghaidh na bpróiseas aosaithe a thuairiscítear gan gá go teicniúil a bheith le treisiú.

Thairis sin, fuarthas amach nach bhfuil aon tionchar ag an easpa treisithe ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta mar a thuairiscítear sa tsonraíocht.

3.3. *Leasú ar an nasc mar thoradh ar chatagóir nua táirgí a thabhairt isteach*

Leasaíodh an chéad mhír de Roinn G (Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht na bhfíonta) den tsonraíocht táirge chun gur mar a leanas a bheidh sí:

'Maidir le saintréithe na dtáirgí faoi chosaint, tá tionchar mór ag na tosca nádúrtha agus ag na tosca daonna atá ina saintréithe ag an limistéar geografach is tionscnamh do na táirgí. Maidir le táirgí faoi chatagóir 1, "Fíon", agus maidir leo siúd faoi chatagóir 3, "Fíon licéir", tá an nasc amháin acu lena dtionscnamh, ós rud é go bhfuil an difríocht eatarthu teoranta i dtaobh cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear cleachtas fíoneolaíoch traidisiúnta an treisithe, ar cleachtas é ar féidir, i bhfíonta áirithe faoi chosaint, teicnící traidisiúnta eile amhail "asoleo" (triomú gréine) a chur ina ionad chun na leibhéil nirt alcóil is gá le haghaidh gach cineál fíona a bhaint amach.'

Dá réir sin, cuireadh tagairt don chatagóir 'Fíon' le Roinn 8 (Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)) den doiciméad aonair.

An téacs a thabhairt i gcomhréir leis an dá chatagóir táirge dá dtagraítear i Roinn B (Tuairisc ar an bhfíon) den tsonraíocht táirge.

An téacs a thabhairt i gcomhréir leis an dá chatagóir táirgí dá dtagraítear i Roinn B (Tuairisc ar an bhfíon) den tsonraíocht táirge.

3.4. *Teorainneacha maidir le húsáid fíonta áirithe*

Leasaíodh Roinn H (Coinníollacha breise) den tsonraíocht táirge tríd an bhforoinn seo a leanas a chur léi:

'H.5. Fíonta a úsáidtear chun bairillí nua a stálú.

Maidir le fíonta a úsáideadh chun bairillí nua a stálú, ar bairillí iad, tar éis a stálaithe, nach bhfuiltear le hionchorprú sa tsraith bhuan soithí sa chóras "crianza" le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh "Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda", níl siad oiriúnach i gcás ar bith chun "Manzanilla" a tháirgeadh.'

Ní mór an coinníoll sin a áireamh sna cleachtais táirgthe chun cosc a chur ar fharasbarr comhpháirteanna ón adhmad nua rud a d'athródh saintréithe orgánaileipteacha agus fisiciceimiceacha na bhfíonta cosanta.

3.5. *Athrú ar na rialacha lena rialaítear an téarma 'Reserva'*

Leasaíodh pointe f de Roinn 5 (Téarmaí maidir le haois) d'Iarscríbhinn 3 (Lipéadú fíonta a chosnaítear leis an ainmniúchán 'Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda') a ghabhann leis an tsonraíocht táirge le go léifear mar a leanas é:

'f. 'f. Féadfar an téarma "Reserva" nó téarmaí comhchosúla eile a úsáid le haghaidh fíonta a bhfuil tréimhse fhadaithe aosaithe acu i gcás chatagóir 3, "Fíon licéir". I gcás chatagóir 1, "Fíon", ní fhéadfar an téarma sin a úsáid ach amháin más cuid é den trádmharc atá cláraithe ag an bhfíonlann agus ar choinníoll gur cláraíodh an trádmharc roimh an gcéad uair a foilsíodh na rialacha a bhí ann cheana agus lenar rialaítear an téarma "Reserva".'

An téacs a thabhairt i gcomhréir leis an dá chatagóir táirge dá dtagraítear i Roinn B.1 (Cineálacha fíona) den tsonraíocht táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda / Manzanilla / Manzanilla de Sanlúcar de Barrameda / Manzanilla de Sanlúcar

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

4.1. *Fíonta*

Fíonta faoi chosaint ag ainmniúchán tionscnaimh 'Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda', ar a dtugtar go traidisiúnta fíonta 'Manzanilla', is ea fíonta (treisithe) 'generoso' a bhfuil a saintréithe mar thoradh ar phróiseas aibíochta bitheolaíochta áirithe a dhéantar thar thréimhse 2 bhliain ar a laghad i bhfíonlanna lonnaithe i mbardas Sanlúcar de Barrameda.

Tréithe orgánaileipteacha:

Cuma: glan, agus imireacha sa raon ó dhath buí na tuí go hómra.

Dea-bholadh: ní mór dhá cheann ar a laghad de na dea-bholaithe seo a leanas a bhaineann go sonrach le haosú bitheolaíoch a bheith ar an bhfíon: bláthanna bána, cnónna nó giosta (taos aráin úr). Féadfaidh blasanna d'adhmad mín atá stálaithe le fíon a bheith air freisin.

Blas: tirim, le braistint shalanda sa bhéal; féadfaidh sé a bheith beagáinín aigéadach agus searbh.

Tagann a saintréithe aitheanta ón bhfíoras go dtarlaíonn an próiseas aibíochta ar fad faoi shraith nó brat giosta 'flór'.

Ní mór cion siúcra is lú ná 4 ghram in aghaidh an lítir a bheith ag na fíonta sin agus neart alcóil 15 % de réir toirte ar a laghad ach nach mó ná 17 % de réir toirte.

* Ní mór paraiméadair anailíseacha neamhshainithe a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha dlíthiúla.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	15
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.2. *Fíonta licéir*

Na táirgí uile a bhaineann le catagóir 3, 'Fíon licéir', is ionann saintréithe anailíseacha ginearálta agus orgánaileipteacha dóibh agus catagóir 1, 'Fíon'

* Ní mór paraiméadair anailíseacha neamhshainithe a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha dlíthiúla.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	15
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Tá teidlíocht chun fíonta a thairgeadh a chumhdaítear sa ainmniúchán seo caidhpeáilte ag 70 lítear fíona in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora.

Ní mór gach stoc fíona atá á n-aosú a stóráil i mbairillí darach le hacmhainneacht nach mó ná 1 000 lítear. Ní mór meánaois íosta 2 bhliain a bheith ag na fíonta uile chun go mbeidís incháilithe lena n-eisiúint.

Féadfar fíonta licéir a threisiú le biotáille fíonchaor ag aon phointe sa phróiseas táirgthe agus aosaithe.

Is féidir sulfáit chailciam a chur leis na fíonta licéir chun críocha aigéadaithe laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

b. *Uastáirgeacht*

11 428 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar geografach críochaithe comhdhéanta den talamh lonnaithe laistigh de bhardais Sanlúcar de Barrameda, Jerez de la Frontera, El Puerto de Santa María, Trebujena, Chipiona, Rota, Puerto Real, Chiclana de la Frontera, Lebrija agus San José del Valle teorannaithe ar an taobh thoir ag an bhfadlíne 5° 49' siar ó Greenwich agus ar an taobh thuaidh ag an líne dhomhanleithead 36° 58' ó thuaidh. Ní mór na fíonta faoi chosaint a aosú i bhfíonlanna lonnaithe laistigh de bhardas Sanlúcar de Barrameda.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

PALOMINO

PALOMINO FINO - LISTÁN BLANCO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fíon agus fíon licéir

Maidir le táirgí faoi chatagóir 1, 'Fíon', agus maidir leo siúd faoi chatagóir 3, 'Fíon licéir', tá an nasc amháin acu lena dtionscnamh, ós rud é go bhfuil an difríocht eatarthu teoranta i dtaobh cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear cleachtas fíoneolaíoch traidisiúnta an treisithe, ar cleachtas é ar féidir, i bhfíonta áirithe faoi chosaint, teicnící traidisiúnta eile amhail 'asoleo' (triomú gréine) a chur ina ionad chun na leibhéil nirt alcóil is gá le haghaidh gach cineáil fíona a bhaint amach.

Bíonn tionchar mór ag tosca nádúrtha agus daonna an limistéir ar shaintréithe na bhfíonta agus tá siad coiteann do tháirgí chatagóir 1 agus do chatagóir 3 araon, toisc go bhfuil an nasc céanna acu araon leis an tionscnamh, agus is é an t-aon difríocht eatarthu ná cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear cleachtas an treisithe.

Bíonn tionchar díreach ag an timpeallacht gheografach ar neart alcóil agus aigéadacht na bhfíonta, a bhíonn measartha de ghnáth, cé go mbraitheann sé sin ar na cleachtais chultúir shonracha a chuirtear i bhfeidhm. I gcoitinne, is é an toradh a bhíonn ar an easpa báistí beagnach iomlán le linn fhormhór thimthriall fáis an phlanda, le linn na ngnáthghaoth tirim anoir agus le linn ardacmhainneacht coinneála bogthaise na hithreach 'albariza' ná buain shláintiúil ardcháilíochta sháraibíochta Táirgeann na hithreacha cailceacha atá fairsing sa réigiún fíonta galánta blasta ag a bhfuil tathag maith agus aigéadacht mheasartha a fhorbraíonn go han-mhaith le himeacht aimsire, rud a fhágann gur féidir fíonta 'generoso' a tháirgeadh ag a bhfuil leibhéil arda aosaithe i gcásanna áirithe.

Ina theannta sin, rannchuidíonn úsáid cineálacha dúchasacha traidisiúnta atá oiriúnaithe go hiomlán d'ithir agus d'aeráid an limistéir le forbairt na bhfíonta sin. Le himeacht na gcéadta bliain, shainaithin saothróirí fíniúna an cineál fíonchaoire is fearr a oireann do na dálaí ithreach agus aeráide agus do na próisis ar leith táirgthe agus aosaithe a bhfuil sé faoina réir: is iad na cineálacha 'Listan Blanco' (ar a dtugtar 'Palomino Fino' freisin) agus 'Palomino' is cúis leis na fíonta a chuireann an talamh i gcuimhne go mór agus a aosaíonn go fíormhaith.

Freastalaíonn an córas dinimiciúil traidisiúnta 'criaderas y soleras' go heisceachtúil ar aosú bitheolaíoch, i.e. aosú faoi bhun scannán giosta 'flór', chomh maith leis na leibhéil arda bhogthaise a chumasaítear trí leas a bhaint as leoithní rialta an Atlantaigh istoíche a éascaíonn ailtireacht thraidisiúnta fhíonlanna Sanlúcar.

9. **Ceanglais shonracha eile (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Lena áirithiú go gcaomhnaítear saintréithe agus cáilíocht áirithe ó na fíonta agus chun meath orgánaileipteach féideartha a chosc de thoradh iompar chuig limistéir eile, ní mór buidéalú a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta críochaithe.

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Leis na lipéid a úsáidtear le haghaidh na bhfíonta faoi chosaint, ní mór forálacha na reachtaíochta is infheidhme, chomh maith le hIarscríbhinn 3 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge seo, a chomhlíonadh. Baineann sé sin le sonraí lipéadaithe éigeantacha agus roghnacha araon.

Ní mór séalaí cáilíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Rialála nó lipéid thánaisteacha, ar a bhfuil marc sainiúil agus cód aitheantais alfa-uimhriúil, a bheith ar na buidéil, i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos ag an gComhairle Rialála. Féadfar an t-aonad geografach is mó 'Andalucía' a thabhairt le fios ar bhonn roghnach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://lajunta.es/4svba